

Stáidéar Gnó

Moltaí i leith am gairmiúil a úsáid

Am gairmiúil do mhúinteoir í - is ionann sin agus am gan teagmháil le scoláirí ina mbíonn múinteoirí rannpháirteach i réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. Tabharfaidh an t-am seo deis do mhúinteoirí a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí áirithe, sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile chun tacú leis an tsraith shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla don mhúinteoir aonair agus do roinn an ábhair
- Ullmhúchán le haghaidh cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú

Sa doiciméad seo, tá liosta de mholtaí do mhúinteoirí an Stáidéir Ghnó ar an gcaoi chun úsáid a bhaint as an 22 uair an chloig d'am gairmiúil. Cuimsíonn na moltaí deiseanna do mhúinteoirí aonair chomh maith le gníomhaíocht ghairmiúil do roinn an ábhair. Le cois na moltaí thíos, is tábhachtach cuimhneamh go mbainfidh an Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair **dhá uair** an chloig den 22 uair d'am gairmiúil do mhúinteoirí an Stáidéir Ghnó.

Tá sé tábhachtach cuimhneamh freisin go mbeidh riachtanais agus tosaíochtaí éagsúla ag gach ábhar, agus nach bhfuil sa mhéid seo a leanas ach moltaí. Is faoi gach scoil, roinn ábhair agus múinteoir é an 22 uair an chloig d'am gairmiúil a úsáid ar dhóigh a oibreoidh dóibh féin.

Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile chun tacú leis an tsraith shóisearach

- * Ceistiúchán i measc na Scoile Uile ar an gCreat don tSraith Shóisearach, 2015
- * Plé agus cruinnithe na Scoile Uile ar impleachtaí an Chreata ar theagasc, foghlaim agus cleachtas an mheasúnaithe.

Ar Bhonn Aonair/Le Chéile/ Mar Roinn Ábhair Moltaí

a.

Ar Bhonn Aonair nó le Chéile

Dul i dtaithí ar na torthaí foghlama (TFanna) atá sa tSonraíocht Ciall a bhaint as na TFanna idir eolas, scileanna agus luachanna Athspléachadh a thabhairt ar Laethanta FGL trí chliceáil [ANSEO](#)
Dul i dtaithí ar na Treoirlínte Measúnaithe

b.

Mar Roinn Ábhair

Gnásanna agus prótacail a shocrú a leagann amach conas a bheidh sibh ag comhoibriú le chéile
Oibriú le chéile chun aonaid oibre a chruthú trí IFanna a roghnú.
Beidh na torthaí foghlama ag brath go mór ar an mbliain /na blianta atá tú a theagasc. Beidh treoir ar an gcaoi leis na haonaid seo a chruthú agus samplaí is féidir a oiriúnú ar fáil [ANSEO](#)
Is féidir teacht ar phlean bliana samplach [ANSEO](#) faoi phleanáil Meabhrú conas a d'oibrigh na pleananna sa rang agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
Acmhainní a roinnt

Am Gairmiúil

Ar bhonn aonair

Ag úsáid pleananna ó roinn an ábhair, na pleananna a chur in oiriúint do do chuid ranganna féin
Tosú a bhailiú nó a chruthú acmhainní a chuirfidh leis an bhfoghlaim
A bheith ag forbairt intinní foghlama agus critéir ratha le do scoláirí

c.

Ar bhonn aonair nó le chéile

Pleanáil a dhéanamh don Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) 'Gnó a chur i nGnímh' sa dara bliain.
Dul chuig na samplaí anótáilte ar www.curriculumonline.ie
Dul i dtaithí ar na Gnéithe Cáilíochtaí (GC)
Samplaí d'obair scoláirí a roghnú ón MRB chun tabhairt leat chuig an an gcuinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú (AFMÁ)
An chaoi chun na samplaí a roinnt leis an éascaitheoir a phlé

Mar Roinn Ábhair

Cruinniú AFMÁ a bheith agaibh
Aathbhreithniú a dhéanamh ar a fheabhas a d'éirigh leis an gcuinniú AFMÁ agus athrú ar bith a dhéanfadh sibh a bhreacadh síos don chéad cheann eile